**Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar**
**Dearbhú na Bruiséile, an 13 Nollaig 2023**

I gcomhairle le ceannairí na mBalcán Thiar, agus i láthair na bpáirtithe leasmhara réigiúnacha agus idirnáisiúnta, tháinig muidne, ceannairí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, ar chomhaontú inniu maidir leis an méid seo a leanas:

1. Le mórchastacht na timpeallachta geostraitéisí, atá faoi anáil **chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin** agus tionchar mór ag géarchéim an Mheánoirthir uirthi freisin, tá slándáil na hEorpa agus an domhain mhóir faoi bhagairt i gcónaí. Léiríonn sé sin a thábhachtaí atá sé go mbeifear aontaithe agus gur soiléir an cuspóir, é sin taobh istigh de phobal na hEorpa agus freisin sa chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus réigiún na mBalcán Thiar, comhpháirtíocht trínar dlúithe fós na naisc agus trínar comhtháite an comhar leis an Aontas, bunaithe ar na prionsabail agus na luachanna is coiteann dúinn.

2. Á mheabhrú dó Clár Oibre Thessaloniki agus Dearbhuithe Shóifia, Shágrab, Brdo agus Thiorána, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta go huile agus go hiomlán do **pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas Eorpach agus iarrann sé go gcuirfí dlús leis an bpróiseas aontachais**, bunaithe ar athchóirithe inchreidte arna ndéanamh ag na comhpháirtithe, ar choinníollacht chothrom dhian agus ar phrionsabal an fhiúntais féin, rud ar chun ár leasa choiteann é. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinne Comhpháirtithe na mBalcán Thiar i dtaca lena gconairí Eorpacha faoi seach ó bhí an Cruinniú Mullaigh ann idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i dTiorána. Is é todhchaí na mBalcán Thiar a bheith san Aontas seo againne.

3. Is díol sásaimh don Aontas a dhiongbháilte tiomanta atá **comhpháirtithe na mBalcán Thiar bunluachanna agus croíphrionsabail na hEorpa a urramú, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.** Is díol sásaimh don Aontas freisin an tiomantas arna athdhearbhú ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar i ndáil le príomhacht an daonlathais, na gceart agus na luachanna bunúsacha, agus an smachta reachta. I gcomhréir le Dearbhú Thiorána ó mhí na Nollag 2022, leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí **athchóirithe** leanúnacha do-aisiompaithe **a bhaint amach** maidir leis an **smacht reachta**, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, an geilleagar agus athchóiriú an riaracháin phoiblí. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh i gcomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, an tacaíocht a neartú don dea-rialachas, do chearta an duine, don chomhionannas inscne agus do chearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Ní bheidh na gealltanais sin inchreidte ach amháin má dhéanfar na hathchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme ar bhealach fóinteach, agus má leagtar síos cuntas fónta teiste a mbeidh cumarsáid phoiblí shoiléir chomhsheasmhach mar bhonn taca leis chun leas a bpobal. Sochaí shibhialta ar tugadh cumhacht di, meáin neamhspleácha iolraíocha, lánurraim á tabhairt don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, is gnéithe ríthábhachtacha d’aon chóras daonlathach iad sin ar fad.

4. Agus iad ag seasamh in éineacht leis an Aontas, tá comhartha soiléir á thabhairt ag na comhpháirtithe faoina gclaonadh straitéiseach, anois níos mó ná riamh i bhfianaise chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus dúshláin slándála eile. Leanfaidh an tAontas d’infheistíocht a dhéanamh san iltaobhachas agus comhoibreoidh sé lena chuid comhpháirtithe chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint agus a chaomhnú. Teastaíonn comhluachanna agus freagrachtaí frithpháirteacha chun fís choiteann don todhchaí a bhunú. Agus ár gcomhar lenár gcomhpháirtithe á dhoimhniú againn, tathantaímid orthu dul chun cinn gasta inbhuanaithe a dhéanamh i dtreo ailíniú iomlán le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh (CBES), lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais agus gníomhú dá réir.** Molaimid comhpháirtithe sin na mBalcán Thiar a bhfuil a dtiomantas straitéiseach á léiriú cheana féin acu trí **ailíniú iomlán** a dhéanamh le CBES an Aontais agus molaimid dóibh siúd nach bhfuil sé sin déanta acu go fóill go ndéanfaidh siad amhlaidh. Leagaimid béim ar an tábhacht a bhaineann le forfheidhmiú na mbeart sriantach feabhsaithe agus go ndéanfaí an teacht timpeall orthu a chosc.

5. Is é an tAontas an comhpháirtí is dlúithe dá bhfuil ag an réigiún i gcónaí, **is é a phríomhinfheisteoir, a phríomh-chomhpháirtí trádála agus a phríomhdheontóir.** Ba cheart go ndéanfaí go mbeadh scála agus raon eisceachtúil na tacaíochta sin níos feiceálaí agus go ndéanfadh na comhpháirtithe í a léiriú ar bhealach réamhghníomhach **ina ndíospóireacht** agus **ina gcumarsáid phoiblí**, ionas go dtuigfidh na saoránaigh tairbhí nithiúla na comhpháirtíochta leis an Aontas. Ba cheart freisin do na comhpháirtithe a bheith soiléir ina gcumarsáid faoina dtiomantas féin do luachanna an Aontais agus do na hathchóirithe is gá.

6. Cuireann an tAontas i bhfios a riachtanaí atá sé go mbeadh Comhpháirtithe na mBalcán Thiar tiomanta don **chomhar réigiúnach agus do neartú an dea-chaidrimh comharsanachta**, lena n-áirítear le Ballstáit an Aontais. Is den tábhacht i gcónaí comhaontuithe déthaobhacha a mbeadh torthaí nithiúla orthu a chur chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le cairdeas, dea-chomharsanacht agus comhar leis an mBulgáir. Ní mór fós iarrachtaí cinntitheacha breise a dhéanamh leis an athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach a chothú agus, chomh maith leis sin, teacht ar réitigh chríochnaitheacha uilechuimsitheacha cheangailteacha ar dhíospóidí déthaobhacha agus réigiúnacha na gcomhpháirtithe agus ar imris atá fréamhaithe in oidhreacht an ama atá caite, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus na prionsabail atá bunaithe cheana, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais, agus na cásanna de dhaoine ar iarraidh atá fós gan réiteach agus cásanna de choireanna cogaidh, agus na réitigh sin a chur chun feidhme. Iarrann an tAontas freisin ar na comhpháirtithe go ndéanfaí cearta agus cóir chomhionann a ráthú do dhaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

7. Leanaimid de thacaíocht iomlán a thabhairt d'iarrachtaí **Ardionadaí an Aontais agus Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar.** Táimid ag súil le rannpháirtíocht chuiditheach ón dá Pháirtí de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh chun dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir le normalú a gcaidrimh, rud atá ríthábhachtach do shlándáil agus cobhsaíocht an réigiúin ina iomláine agus chun a áirithiú gur féidir leis na Páirtithe dul chun tosaigh ar a gconairí Eorpacha faoi seach. Tathantaímid ar na Páirtithe an **Comhaontú maidir leis an gconair i dtreo an normalaithe agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis** a chur chun feidhme ina iomláine chomh maith leis na Comhaontuithe uile a bhí ann roimhe seo, gan aon mhoill ná réamhchoinníollacha breise a chur leo. Táimid ag súil freisin go ndéanfaidh na Páirtithe iarrachtaí leanúnacha díghéaraithe i gcomhréir le hiarrataí an Aontais agus go staonfaidh siad ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha agus neamhchomhordaithe a bhféadfadh teannas agus foréigean breise teacht astu agus ó reitric nach n-oireann do normalú an chaidrimh.

8. Is díol sásaimh dúinn na cruinnithe rathúla den **Chomhphobal Polaitiúil Eorpach** an 6 Deireadh Fómhair 2022 i bPrág, an 1 Meitheamh 2023 i gCísineá agus an 5 Deireadh Fómhair 2023 in Granada. Leis na cruinnithe sin, cuireadh ardán ar fáil le haghaidh comhordú polaitiúil mar aon le deiseanna do dhianphlé saincheisteanna ar mór a bpráinn don mhór-roinn ar fad.

**Comhpháirtithe a thabhairt níos gaire don Aontas agus an comhtháthú de réir a chéile a chur chun cinn**

9. Tá sé mar aidhm ag an Aontas **na Balcáin Thiar a thabhairt níos gaire don Aontas**, an bealach a réiteach le haghaidh aontachais, agus tairbhí nithiúla a thabhairt dá saoránaigh cheana féin le linn phróiseas an mhéadaithe. Chun na críche sin, tá sé ar intinn ag an Aontas féachaint an bhféadfaí bearta breise a dhéanamh ar mhaithe leis an **gcomhtháthú de réir a chéile** a chur chun cinn a thuilleadh. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go mbainfí leas iomlán as féidearthachtaí na n-ionstraimí dlí atá ann faoi láthair. Bunaithe ar an modheolaíocht athbhreithnithe, meabhraíonn an tAontas an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach go leanfaí de chomhtháthú de réir a chéile an réigiúin a chur chun cinn le linn phróiseas an mhéadaithe féin ar bhealach inchúlaithe agus fiúntasbhunaithe.

10. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm ag an Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí maidir leis an b**Plean Fáis** nua do na Balcáin Thiar dlús a chur leis an g**cóineasú socheacnamaíoch** idir na Balcáin Thiar agus an tAontas agus spreagtar an réigiún dlús a chur leis na hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas, agus comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a chur chun cinn tríd an gcómhargadh réigiúnach, bunaithe ar rialacha agus caighdeáin an Aontais.

11. Tá an tAontas réidh le scrúdú a dhéanamh ar na tograí a rinneadh sa Phlean Fáis chun **feabhas a chur ar chomhtháthú eacnamaíoch na mBalcán Thiar leis an Aontas.** Tugann an tAontas dá aire go bhfuil na tograí a rinneadh faoi réir na Balcáin Thiar a bheith ailínithe le rialacha mhargadh aonair an Aontais agus na hearnálacha agus na réimsí ábhartha a oscailt dá gcomharsana uile, i gcomhréir leis an gCómhargadh Réigiúnach, agus go bhfuil siad faoi réir na Balcáin Thiar sláine mhargadh aonair an Aontais agus an cothrom iomaíochta a chaomhnú go hiomlán.

12. Is díol sásaimh don Aontas gur síníodh an ceathrú Comhaontú soghluaisteachta maidir le hAitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla d'Altraí, Tréidlianna, Cógaiseoirí agus Cnáimhsigh ag Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín i mí Dheireadh Fómhair 2023, rud a chuirfidh soghluaisteacht gairmithe chun cinn sna Balcáin Thiar. Is díol sásaimh don Aontas freisin gur tháinig na trí chomhaontú soghluaisteachta i bhfeidhm maidir leis an t**saorghluaiseacht le cártaí aitheantais** do shaoránaigh an réigiúin, agus maidir le h**aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhioplómaí ollscoile** agus **cáilíochtaí gairmiúla** sa réigiún a síníodh anuraidh. Misníonn an tAontas comhpháirtithe na mBalcán Thiar nach ndearna fós é na comhaontuithe sin a dhaingniú go pras ionas go mbeidh a saoránaigh in ann tairbhiú díobh chomh luath agus is féidir.

13. Meabhraíonn an tAontas ár gcomhthiomantas i ndáil le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chomhtháthú na mBalcán Thiar le Margadh Aonair an Aontais. Ba cheart do Chómhargadh Réigiúnach na mBalcán Thiar a mar chéim thábhachtach don chomhtháthú sin. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí cinntitheacha ó cheannairí uile na mBalcán Thiar le go mbeidh an Cómhargadh Réigiúnach ina chómhargadh iarbhír, go háirithe roinnt cinntí maidir le **tionscnaimh a bhaineann le trádáil** a ghlacadh, cinntí a comhaontaíodh cheana ar an leibhéal teicniúil i gcomhthéacs Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA). Le comhar réigiúnach cuimsitheach den sórt sin bunaithe ar rialacha agus ar chaighdeáin an Aontais, dhéanfaí an trádáil idir-réigiúnach a spreagadh agus infheistíochtaí a mhealladh freisin. Iarrann an tAontas ar an réigiún, le cabhair ón gComhairle um Chomhar Réigiúnach, CEFTA agus Fóram Infheistíochta Chomhlachais Sé Thír na mBalcán Thiar, plean uaillmhianach a ullmhú a thiocfaidh i gcomharbas ar phlean gníomhaíochta reatha an Chómhargaidh Réigiúnaigh sula rachaidh an plean atá ann faoi láthair in éag in 2024.

14. Is díol sásaimh don Aontas an obair atá á déanamh ag geilleagair uile na mBalcán Thiar chun a **gcórais íocaíochta a nuachóiriú** lena dtabhairt níos gaire do chaighdeáin an Aontais agus níos gaire do na coinníollacha ar fad a chomhlíonadh le haghaidh chomhtháthú sa Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro.

15. Tá an t-**iompar agus an nascacht** ríthábhachtach le haghaidh na forbartha eacnamaíche, ós rud é go gcothaíonn siad comhtháthú réigiúnach níos fearr agus go gcuireann siad feabhas ar an gcaidreamh idir comharsana. Tríd an gComhphobal Iompair, chruthaigh an tAontas deis le go ndéanfaí na Balcáin Thiar a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe i réimse an iompair, go háirithe trí athchóirithe rialála. I ndáil leis an méid sin, molann an tAontas do na comhpháirtithe dul ar aghaidh ar bhealach uaillmhianach leis na hathchóirithe is gá. Is díol sásaimh don Aontas na comhaontuithe ardleibhéil lena ndéantar athbhreithniú ar leathnú táscach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) do na Balcáin Thiar agus an togra maidir le **Conair Iompair Eorpach idir na Balcáin Thiar agus an Mheánmhuir Thoir a bhunú**. Tacóidh an tAontas le comhpháirtithe na mBalcán Thiar margaí iompair de bhóthar a chomhtháthú ar an mbonn go ndéanfar *acquis* ábhartha an Aontais a ghlacadh. Is díol sásaimh dúinn freisin an dul chun cinn atá déanta maidir leis na **Lánaí Glasa idir an tAontas agus na Balcáin Thiar** a chur chun feidhme agus iarraimid go gcuirfí i bhfeidhm iad ag na teorainneacha ábhartha uile, agus *acquis* agus nósanna imeachta an Aontais á lánurramú. Ina theannta sin, is díol sásaimh dúinn gur bunaíodh tionscnamh na **Lánaí Gorma**, tionscnamh lena gcuirfear feabhas ar na naisc trádála agus iompair idir calafoirt Mhuir Aidriad. Leis na tionscnaimh sin, cuirfear feabhas ar bhainistiú na dteorainneacha, laghdófar na tréimhsí feithimh do phaisinéirí agus do lastas, agus ar an gcaoi sin treiseofar an ghníomhaíocht eacnamaíoch. Léiríonn siad tionchar dearfach an chomhar bhreise custaim idir an tAontas agus na Balcáin Thiar. Aithníonn an tAontas iarrachtaí an Chomhphobail Iompair agus CEFTA chun Treochlár a fhorbairt chun Lánaí Glasa agus rialuithe teorann sioncronaithe a chur chun feidhme. Thairis sin, tá an tAontas tiomanta tacú le nuachóiriú ghréasán iarnróid an réigiúin agus misníonn sé iarrachtaí na mBalcán Thiar chun naisc iarnróid do phaisinéirí a athbhunú idir cathracha móra sa réigiún agus idir an réigiún agus a chomharsana san Aontas freisin.

16. Meabhraíonn an tAontas go bhfuil rún daingean aige tacú le ceannairí na mBalcán Thiar a dtiomantas a chomhlíonadh maidir leis an g**Clár Oibre Glas don réigiún a chur chun feidhme ina iomláine**, lena n-áirítear a ngealltanais aeráide faoi Chomhaontú Pháras, an Comhphobal Fuinnimh agus Dearbhú Shóifia maidir le Clár Oibre Glas le haghaidh na mBalcán Thiar. Beidh sé sin ina spreagthóir don aistriú chuig geilleagair nua-aimseartha, aeráidneodracha, a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide agus tíosach ar acmhainní. Leanfaidh an tAontas freisin de **thacaíocht a thabhairt do dhícharbónú** an réigiúin trí chúnamh teicniúil, go háirithe le haghaidh méadú na bhfuinneamh in-athnuaite. Is uirlis thábhachtach é tionscadal 'EU 4 Green' an Aontais chun cabhrú leis na comhpháirtithe ina n-obair chur chun feidhme. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don réigiún chun beartas aeráide agus aistrithe fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an phraghsáil carbóin bunaithe ar fhaireachán, tuairisciú agus fíorú láidir a dhéanamh ar astaíochtaí agus ar bheartais.

17. I ndáil le comhtháthú i **Margadh Aonair Digiteach** an Aontais, ag tógáil ar chur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe maidir le Fánaíocht Réigiúnach 'Fánaíocht ar Tháillí Baile' ó mhí Iúil 2021, is díol sásaimh dúinn an **laghdú ar chostais fánaíochta sonraí** idir an tAontas agus na Balcáin Thiar ón 1 Deireadh Fómhair 2023, agus é mar chéim ar an mbóthar i dtreo socrú fánaíochta fadtéarmach a fhorbairt chun an réigiún a áireamh i limistéar 'Fánaíocht ar Tháillí Baile'. Ba cheart do na Balcáin Thiar a ndícheall a dhéanamh freisin dlús a chur lena n-iarrachtaí i réimse an **chlaochlaithe dhigitigh agus na meán digiteach**, go háirithe maidir le hathchóirithe cibearshlándála agus imscaradh slán líonraí 5G a áirithiú trí Bhosca Uirlisí Cibearshlándála 5G an Aontais a chur chun feidhme go cuimsitheach. Ó thaobh leanúint de chur chun cinn na nascachta digití, is díol sásaimh dúinn go bhfuil sé beartaithe an tionscnamh WIFI4WB a fhorbairt, rud a chuirfidh rochtain saor in aisce ar nascacht WIFI ar fáil do shaoránaigh agus cuairteoirí i spásanna poiblí.

18. I ndáil le **comhtháthú na mBalcán Thiar i slabhraí soláthair tionsclaíocha**, is díol sásaimh dúinn gur spéis le comhpháirtithe na mBalcán Thiar a bheith mar chuid de Chomhpháirtithe i Slabhra Luacha an Aontais le haghaidh **Amhábhair Chriticiúla** agus tacaíocht a fháil chun tionscail ábhartha a fhorbairt, i gcomhréir le riachtanais agus caighdeáin mhargadh aonair an Aontais.

19. Á meabhrú dó Dearbhuithe Brdo 2021 agus Thioránа 2022, tá an tAontas tiomanta do **dhlús a chur lena rannpháirtíocht, idir pholaitiúil agus bheartais, leis na Balcáin Thiar agus í a dhoimhniú a thuilleadh**, lena n-áirítear, i measc gníomhaíochtaí eile, trí chruinnithe mullaigh a reáchtáil go tráthrialta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, rannpháirtíocht chomhpháirtithe na mBalcán Thiar in imeachtaí ardleibhéil de chuid an Aontais agus idirphlé rialta maidir le CBES agus tríd an gcomhar a mhéadú i bhfóraim iltaobhacha. Iarradh ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar ionchur a chur ar fáil do chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha cheana féin, agus faigheann siad cuntais rialta ar na cruinnithe sin. Ag an gcruinniú aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí na Samhna, cuireadh dlús breise leis an rannpháirtíocht i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, agus ag an bhFóram Aireachta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí Dheireadh Fómhair i Scóipé cuireadh béim ar réimse an cheartais agus gnóthaí baile.

20. Is díol mór sásaimh don Aontas gur bunaíodh brainse nua de **Choláiste na hEorpa** i dTioránа agus gur seoladh an próiseas iarratais don chéad bhliain acadúil 2024-2025. Ar an gcampas gheobhaidh mic léinn ó na Balcáin Thiar agus níos faide i gcéin saineolas ar ghnóthaí an Aontais Eorpaigh agus gheobhaidh mic léinn ó Bhallstáit an Aontais saineolas réigiúnach, agus, ar an gcaoi sin, cuirfear an tuiscint agus an muintearas frithpháirteach chun cinn.

21. Meabhraíonn an tAontas freisin a thacaíocht leanúnach d’athchóiriú agus **fothú acmhainneachta na gcóras riaracháin phoiblí** sna Balcáin Thiar, a chuirtear ar fáil go háirithe trí dheontais, nascadh agus tríd an Scoil Réigiúnach um Riarachán Poiblí(ReSPA) freisin.

22. Is díol sásaimh don Aontas freisin tiomantas na gcomhpháirtithe dlús a chur lena gcuid oibre maidir le cur chun feidhme chlár oibre na mBalcán Thiar maidir le nuáil, taighde, oideachas, cultúr, óige agus spórt. Anuas ar rannpháirtíocht sna cláir Fís Eorpach agus Eoraip na Cruthaitheacha, tá comhpháirtithe á gcomhlachú ag an Aontas de réir a chéile i gcláir de chuid an Aontais, mar shampla **Erasmus+** agus **an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach**, agus tá rannpháirtíocht faoi **thionscnamh na nOllscoileanna Eorpach** á hoscailt aici do chomhpháirtithe uile na mBalcán Thiar chun tuilleadh deiseanna a chruthú do **dhaoine óga**. Leis an ráthaíocht don aos óg agus na bearta tacaíochta don nuáil a cuireadh i bhfeidhm sna Balcáin Thiar tiocfaidh laghdú ar an mímheaitseáil scileanna agus ar imirce daoine oilte as an réigiún. Cuideoidh an **chéad chruinniú aireachta eile d'ardáin stiúrtha na mBalcán Thiar** leis an gcomhar leis an réigiún a neartú a thuilleadh sna réimsí beartais sin agus leis an móiminteam polaitiúil a choinneáil ar bun. Is díol sásaimh don Aontas an ról tábhachtach atá ag an Oifig Réigiúnach um Chomhar na hÓige maidir le feabhas a chur ar an gcomhar agus an t-athmhuintearas idir daoine óga sna Balcáin Thiar.

**Bonn láidir eacnamaíoch a thógáil don todhchaí agus dul i ngleic as lámha a chéile le tionchar diúltach chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin**

23. **Is í an Rúis amháin atá freagrach as na géarchéimeanna leanúnacha fuinnimh agus eacnamaíocha**. Agus an fuinneamh, an bhia agus an fhaisnéis á n-úsáid mar uirlisí troda, bhí tionchar aige sin ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar, go háirithe orthu siúd atá ag teacht go hiomlán le CBES an Aontais agus lena bhearta sriantacha. Chun tionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a mhaolú, tá rún daingean ag an Aontas a **rannpháirtíocht pholaitiúil** le réigiún na mBalcán Thiar **a threisiú** a thuilleadh, sa bhreis ar an gcúnamh a cuireadh ar fáil cheana féin tríd an **Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, an Pacáiste Tacaíochta Fuinnimh, an tSaoráid Eorpach Síochána, chomh maith leis an tacaíocht lena rannchuidítear le cibear-athléimneacht a fhorbairt agus lena dtugtar aghaidh ar an ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI).**

24. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar agus iad ag dul i ngleic leis na héifeachtaí diúltacha ar a ngeilleagair agus ar a sochaithe, go háirithe trí **Phacáiste Tacaíochta Fuinnimh an Aontais, dar luach EUR 1 bhilliún i ndeontais agus lena bhféadfar EUR 2.5 billiún d'infheistíochtaí a chur ar fáil**. **Leithdháileadh 90 % (EUR 450 milliún)** den chéad leath den phacáiste **cheana féin** chun an méadú ar phraghas an fhuinnimh a mhaolú do FBManna agus teaghlaigh leochaileacha. Cuirfidh an tAontas an EUR 500 milliún de dheontais atá fágtha ar fáil trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF) chun an t-aistriú fuinnimh agus neamhspleáchas fuinnimh a chur chun cinn, chun tacú le tionscadail fuinnimh in-athnuaite, chun feabhsuithe ar an mbonneagar fuinnimh agus ar idirnascairí, lena n-áirítear GNL, a mhaoiniú, chun córais tarchurtha fuinnimh agus téamh ceantair a uasghrádú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh na mbonneagar príobháideach agus poiblí sna Balcáin Thiar a fheabhsú.

25. Meabhraímid ár gcinneadh sásra an Aontais maidir le **ceannacháin** chomhpháirteacha **gáis agus GNL** a oscailt do na Balcáin Thiar agus molaimid dár gcomhpháirtithe a bhfuil margaí gáis acu an sásra a úsáid chun a spleáchas ar ghás na Rúise a laghdú. Tríd an gComhphobal Fuinnimh, **tá a mhargadh leictreachais á oscailt ag an Aontas** do na Balcáin Thiar freisin, faoi réir na n-athchóirithe rialála.

26. Leanfar le cur chun feidhme **an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta (EIP), an Chláir Oibre Ghlais agus an Chláir Oibre Dhigitigh do na Balcáin Thiar**, rud a chabhróidh le geilleagar agus athléimneacht an réigiúin a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht bhreise a thabhairt do nascacht slán athléimneach, don aistriú fuinnimh agus d'éagsúlú na soláthairtí fuinnimh. EUR 9 mbilliún de chistiú deontais ó IPA III agus suas le EUR 20 billiún d'infheistíochtaí don tréimhse 2021-2027 atá sa tacaíocht arna cur ar fáil tríd an bplean eacnamaíoch agus infheistíochta, agus tá an-dul chun cinn déanta maidir lena chur chun feidhme. As an bpacáiste infheistíochta ar fiú beagnach EUR 30 billiún don réigiún é, tá EUR 16.6 billiún curtha ar fáil cheana féin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar an **smacht reachta** a neartú agus **athchóirithe eacnamaíocha agus sóisialta** a dhéanamh ar bhealach cinntitheach, lena n-áirítear na hathchóirithe siúd ina gCláir Athchóirithe Eacnamaíoch agus sna conclúidí comhpháirteacha ón idirphlé eacnamaíoch agus airgeadais.

**An tslándáil a threisiú agus an athléimneacht a chothú**

27. Tá dúshláin bhunúsacha slándála ag baint le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí **an comhar leis na Balcáin Thiar maidir le saincheisteanna tábhachtacha slándála agus cosanta, lena n-áirítear ar an leibhéal oibríochtúil, a neartú a thuilleadh**. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh dúinn gur lean na comhpháirtithe dá dtiomantas a chruthú **don Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC)**, lena n-áirítear trí rannchuidiú le misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis an réigiún chun a chumais agus a chuid acmhainneachtaí cosanta a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an t**Saoráid Eorpach Síochána**. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cur leis an tslándáil sa réigiún, lena n-áirítear trí oibríocht CBSC EUFOR Althea agus misean smachta reachta an Aontais Eorpaigh. Is díol sásaimh don Aontas go leanann na comhpháirtithe de bheith tiomanta d'ionstraimí éifeachtacha a fhorbairt le haghaidh **comhar réigiúnach sna Balcáin Thiar i réimse na slándála agus na cosanta**. Tá tús curtha ag an Aontas le feabhas breise a chur ar a rannpháirtíocht i réimsí eile freisin, mar shampla aghaidh a thabhairt ar **bhagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí**, **an spás** agus **an tsoghluaisteacht mhíleata**.

28. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na Balcáin Thiar chun an ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac, lena n-áirítear bréagaisnéis, mar aon le bagairtí hibrideacha eile lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint de chobhsaíocht agus de phróisis dhaonlathacha an réigiúin agus dá pheirspictíocht san Aontas. I ndáil leis sin, leanfaimid dár gcomhar a neartú chun **an athléimneacht a chothú**, agus freisin trí ghairmiúlacht na meán agus an litearthacht meán a chothú, agus trí thionchar na **cumarsáide straitéisí** a mhéadú maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, agus maidir leis an bpróiseas méadaithe go háirithe. Cuirfidh an tAontas dlús freisin lena chuid oibre leis na comhpháirtithe chun cur i gcoinne insintí bréagacha na Rúise agus na bréagaisnéise faoi chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

29. **Leanfaimid d’fheabhas a chur ar ár gcibearshlándáil chomhchoiteann i gcomhar leis na Balcáin Thiar**, lena n-áirítear trí thacaíocht oibríochtúil agus theicniúil chomhordaithe, agus trí rannpháirtíocht an réigiúin i sásraí cibearshlándála an Aontais. Cuireann ár n-iarrachtaí comhpháirteacha comhchoiteanna leis na cláir atá ann cheana agus leis an gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais um Chibearshlándáil (ENISA) agus an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint chomh maith le tionscnaimh dhéthaobhacha de chuid Bhallstáit an Aontais agus comhpháirtithe eile. Faoi thionscadal na Mearfhreagartha Cibearshlándála, ar fiú EUR 2.6 milliún é, tá gníomhaíocht an Aontais ag díriú ar an gcibear-athléimneacht agus ullmhacht na gcomhpháirtithe i ndáil le cibeartheagmhais a mhéadú. Tá an clár réigiúnach dar luach EUR 5 mhilliún maidir le fothú acmhainneachta cibearshlándála na mBalcán Thiar, arna mhaoiniú ag IPA, ag tacú le cibear-athléimneacht an réigiúin sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Déantar na cláir sin a chomhlánú le cúnamh idir piaraí TAIEX ar bhonn rialta. Is díol sásaimh dúinn gur bunaíodh Ionad Cibear-Acmhainneachta de chuid na mBalcán Thiar, lena gcuirtear comhar réigiúnach chun cinn chun cibear-athléimneacht a fhorbairt. Amach anseo, beidh tábhacht bhreise leis an gcomhar méadaithe idir na Balcáin Thiar le ENISA agus leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus ról éascaitheach na Comhairle um Chomhar Réigiúnach. Tá an tAontas Eorpach ag tnúth le bunú Chibear-chúltaca an Aontais, a bheidh ar fáil do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar chun freagairt ar theagmhais shuntasacha nó mhórscála chibearshlándála.

**Imirce neamhrialta, an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac**

30. **Is príomhdhúshlán agus freagracht chomhroinnte i gcónaí é an bainistiú imirce.** Aithnímid an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar arna thíolacadh i mí na Nollag 2022. A bhuí leis an ngníomhaíocht chomhordaithe, tháinig laghdú ar an mbrú imirce foriomlán go dtí seo ar bhealach na mBalcán Thiar in 2023 i gcomparáid le 2022. Mar sin féin, tá an bealach fós an-ghníomhach le líon ard trasnuithe teorann neamhrialta. I bhfianaise an mhéid sin, tá an tAontas agus na Balcáin Thiar tiomanta do Phlean Gníomhaíochta an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar, agus an faireachán a dhéantar ar threochtaí feadh an bhealaigh a neartú a thuilleadh. I ndáil leis an méid sin, iarrtar ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a rannpháirtíocht san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), ionstraim shuaitheanta an Aontais chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, a neartú a thuilleadh. Leis an tacaíocht shuntasach airgeadais ón Aontas trí chláir thiomnaithe, beidh ár gcomhpháirtithe in ann feabhas a chur ar na córais tearmainn agus ghlactha, cosaint teorann a neartú, grúpaí coireachta eagraithe agus líonraí coiriúla eile a chomhrac, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach, agus an filleadh ó na Balcáin Thiar chuig na tíortha tionscnaimh a mhéadú.

31. Beidh daoine ó réigiún iomlán na mBalcán Thiar in ann taisteal gan víosa chuig limistéar Schengen ón mbliain seo chugainn. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag roinnt comhpháirtithe sna Balcáin Thiar maidir le hailíniú le **beartas víosaí an Aontais** agus d'iarr sé go ndéanfaí tuilleadh ailínithe chun mí-úsáid chórais imirce agus tearmainn Bhallstáit an Aontais a chosc. Maidir le hathligean isteach, ba dhíol sásaimh don Aontas iarrachtaí na gcomhpháirtithe feabhas a chur ar chur chun feidhme na gComhaontuithe um Athligean Isteach atá ann cheana idir an tAontas agus na Balcáin Thiar. Ní mór do na comhpháirtithe leanúint den obair chun a gcórais um fhilleadh a fheabhsú, lena n-áirítear comhaontuithe um athligean isteach a thabhairt i gcrích leis na príomhthíortha tionscnaimh. Tá tacaíocht airgeadais agus theicniúil bhreise an Aontais – arna héascú trí Frontex – dírithe ar an gcomhar a fheabhsú maidir le filleadh agus athligean isteach leis na tíortha tionscnaimh. Is díol sásaimh don Aontas gur síníodh agus gur tugadh chun críche Comhaontuithe Stádais nua Frontex le roinnt de na comhpháirtithe agus iarrann sé ar na comhpháirtithe eile déanamh amhlaidh go tapa. Ba cheart an comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus le Europol a threisiú a thuilleadh freisin.

32. Iarrann an tAontas go ndéanfaí an **comhar maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus maidir le comhrac gach cineál antoisceachais fhoréignigh** a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear cosc a chur ar an radacú agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Is díol sásaimh don Aontas na torthaí a baineadh amach le linn na 5 bliana ó cuireadh an Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar chun feidhme agus dearbhaíonn sé go bhfuil rún daingean aige leanúint den chomhar amach anseo, agus i bhfianaise bagairtí atá ag teacht chun cinn, mar shampla an t-antoisceachas foréigneach de chuid na heite deise, ábhar antoisceach foréigneach atá ag leathadh ar líne agus ionsaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go ngníomhófaí go daingean chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe, go háirithe **an sciúradh airgid, an t-éilliú ardleibhéil, saothrú agus gáinneáil drugaí**, trí fhorfheidhmiú níos fearr dlí agus comhar níos fearr custaim arna n-éascú ag Empact. I gcomhthéacs na n-iarmhairtí tubaisteacha a bhaineann le húsáid drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí ar shláinte agus ar shlándáil ár sochaithe, comhaontaímid go leanfaimid dár gcomhiarrachtaí agus go gcuirfimid dlús leo trí chur chuige fianaisebhunaithe, comhtháite, ildisciplíneach agus cothrom.

33. Is díol sásaimh don Aontas an rún daingean atá ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar deireadh a chur le **gáinneáil agus leathadh mionarm agus arm éadrom** agus le hardleibhéal comhair chun dul i ngleic le smuigleáil arm tine laistigh de EMPACT. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na Balcáin Thiar sa réimse sin. Is sampla é an treochlár, ar síneadh é go dtí tar éis 2024, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte aige de dhea-chleachtas i ndáil le comhar réigiúnach chun rialú mionarm a neartú.

34. Leanann an tAontas de Chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a mhisniú caidreamh comhoibritheach a bhunú agus a choinneáil le h**Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)** i réimse an chúnaimh dhlíthiúil fhrithpháirtigh in ábhair choiriúla. Is díol sásaimh dúinn na socruithe oibre a bunaíodh cheana idir OIPE agus Comhpháirtithe áirithe sna Balcáin Thiar, agus molaimid do na Comhpháirtithe eile tabhairt faoi chomhar comhchosúil a luaithe is féidir.

***

35. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil Comhpháirtithe na mBalcán Thiar ailínithe leis na pointí thuas.

---